Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Léitheoireacht a bhfuil Feidhm léi
# Léann Clasaiceach



## S C 3 A

### Suirbhé

**Tabhair sracfhéachaint ar an téacs**

Sainaithin a struchtúr chun brí thosaigh a fháil ón teideal agus ó na ceannteidil, téacs trom, cairteacha agus pictiúir.

Cad é atá ar eolas agat faoin ábhar seo cheana féin?

An gá duit an téacs seo a léamh?

### Ceist

**Cuir ceist ort féin**

Cad is gá a bheith ar eolas agam? Cad é tá i gceist leis an téacs seo? Cad iad na ceisteanna ar mian liom freagraí a fháil orthu? Cad é an t-eolas sonrach a chaithfidh mé a fháil amach? Cad iad na príomhphointí atá clúdaithe agus cén fhianaise a dhéantar sa téacs do na pointí sin?

### Athléigh, Athbhreithnigh, Athchuimhnigh

**Léitheoireacht a bhfuil Feidhm léi**

Agus do cheisteanna ar intinn agat, **athléigh** an téacs go cúramach ag aithint na bpríomhsmaointe agus na bpríomhshonraí, ag lorg na bhfreagraí ar do cheisteanna.

**Athbhreithnigh** agus athléigh na codanna a cheapann tú atá tábhachtach agus aon chodanna nach bhfuil tú cinnte fúthu.
An dtuigeann tú a bhfuil léite agat?

**Athchuimhnigh**, breac síos na príomhphointí agus tabhair achoimre orthu. Déan iarracht a bhfuil léite agat a mhíniú os ard, i d'fhocail féin. Ar freagraíodh do cheisteanna?

cc BY NC